



An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2022
(OR. en)

8685/22

COSI 113
JAIEX 41
CORDROGUE 40
CT 74
COPS 185
CRIMORG 58
IXIM 106
ENFOPOL 228
ENFOCUSTOM 72
JAI 571

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	11413/20
Ábhar:	Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) don tréimhse mí Iúil 2020 go dtí mí na Nollag 2021

I gcomhréir le hAirteagal 71 CFAE agus le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2010/131/AE ón gComhairle lena mbunaítear an Buanchóiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), cuirfidh an Chomhairle imeachtaí an Bhuanchoiste in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí COSI don tréimhse Iúil 2020 go Nollaig 2021.

Iarrtar ar na toscaireachtaí barúlacha i scríbhinn agus moltaí maidir le dréachtú na dréacht-tuarascála sin a chur chuig cosi@consilium.europa.eu faoin 20 Bealtaine 2022.

Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) don tréimhse mí Iúil 2020 go dtí mí na Nollag 2021

Clár na nÁbhar

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	4
2. ÁBHAIR CHOTHROMÁNACHA	9
a. Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála agus Slándáil Inmheánach agus Comhpháirtíocht Eorpach Póilíní	9
b. Impleachtaí phaindéim COVID-19	10
c. Forbairtí teicneolaíochta agus an tslándáil inmheánach	11
3. AN FHRITHSCEIMHLITHEOIREACHT	12
a. Freagairt, tosaíochtaí agus bealach chun cinn an Aontais	12
b. Measúnuithe an Aontais ar bhagairt na frithsceimhlitheoireachta	13
c. Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais maidir leis an Afganastáin	13
4. EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla)	15
5. AN CHOIREACHT IDIRNÁISIÚNTA THROMCHÚISEACH EAGRAITHE	17
a. Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025	17
b. Frithsciúradh airgid – impleachtaí don tslándáil inmheánach	17
c. Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Smuigleáil Imirceach – gnéithe oibríochtúla	18
6. CÚRSAÍ DIGITEACHA	19
a. Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tslándáil inmheánach	19
b. An Intleacht Shaorga	20
c. Criptiú	21
d. Ról na nÚdarás Forfheidhmithe Dlí (LEA) sa chibearshlándáil	22

7. AN NASC IDIR AN tSLÁNDÁIL INMHEÁNACH AGUS AN tSLÁNDÁIL SHEACHTRACH	23
a. Comhair idir CBSC agus CGB: An Compás Straitéiseach/Comhshocrú sibhialtach CBSC	23
8. RÓL GHRÚPA TACAÍOCHTA COSI	23
9. CONCLÚIDÍ	24
IARSCRÍBHINN I – GIORRÚCHÁIN	25
IARSCRÍBHINN II - EMPACT BILEOG EOLAIS GHINEARÁLTA OAPanna 2020	27

Seo í an t-ochtú tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 71 CFAE agus le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2010/131/AE1 ón gComhairle lena mbunaítear an Buanchóiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), lena bhforáiltear go gcaithfidh an Chomhairle imeachtaí an Bhuanchoiste a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí COSI le linn na tréimhse mí Iúil 2020 go dtí mí na Nollag 2021, tráth a raibh Uachtaránacht na Comhairle ag an nGearmáin, ag an bPortaingéil agus ag an tSlóivéin.

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Faoi fhoireann trí Uachtaránacht na Gearmáine, na Portaingéile agus na Slóivéine, lean COSI dá shainordaithe a chomhlíonadh, is é sin comhar oibríochtúil na mBallstát i réimse na slándála inmheánaí a chomhordú, a chur chun cinn, agus a neartú. Sa cháil sin, bhí COSI ina chomhlacht faireacháin, ina chomhlacht comhairleach agus ina chomhlacht cinnteoireachta i dtaca le hionadaithe sinsearach agus le saineolaithe as Ballstáit uile an Aontais, agus, i gcás inarbh ghá, leis na gníomhaireachtaí ábhartha CGB, ag cruthú sineirgí idir póilíní, lucht custaim, gardaí teorann, údarais bhreithiúnacha agus gníomhaithe ábhartha eile.

Le linn na tréimhse ó mhí Iúil 2020 go dtí mí na Nollag 2021, threoraigh COSI forbairt agus dul chun cinn roinnt **téamaí cothrománacha** agus d'éascaigh sé torthaí nithiúla oibríochtúla. Ba cheart ról COSI a chur i dtábhacht, go háirithe i ndáil le pléití a bhfuil tábhacht straitéiseach chothrománach ag baint leo don chomhphobal slándála inmheánaí, amhail tionchar na bhforbairtí teicniúla, a chónagaraí atá an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach dá chéile agus rochtain ar shonraí ag údarais forfheidhmithe dlí. Is pointe cóineasúcháin é COSI maidir le téamaí a dtugtar aghaidh orthu sna hearnálacha beartais eile, amhail an margadh inmheánach, ach a mbíonn iarmhairtí díreacha acu ar an tslándáil inmheánach. Imríonn COSI ról tábhachtach ag an gcomhéadan idir an leibhéal straitéiseach agus an leibhéal oibríochtúil chun comhleanúnachas a áirithiú idir moltaí straitéiseacha agus gníomhaíocht oibríochtúil.

Lean agus phléigh an Coiste forbairtí **Straitéis nua an Aontais um an Aontas Slándála agus na Comhpháirtíochta Eorpaí Póilíní um an tSlándáil Inmheánach**, a mbreathnaítear orthu mar bhealach le cur chuige comhchoiteann i leith thimpeallacht slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh a bhunú agus a fheabhsú, agus d'ullmhaigh an Coiste Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle i ndáil leis sin. Tá sin le baint amach trí chomhar trasteorann níos láidre, trí mhalartú faisnéise agus trí ghníomhaíocht chomhpháirteach oibríochtúil atá bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú, i measc nithe eile. Bunaíodh na pléití sin ar an obair a rinne an fhoireann trí Uachtaránacht a bhí ann roimhe seo (an Chróit, an Fhionlainn, an Rómáin) maidir leis an treo ina mbeidh an tslándáil inmheánach ag COSI ag dul amach anseo. Ba phríomhthéamaí láidre sna díospóireachtaí sin go léir leanúnachas na straitéise agus na gníomhaíochta araon chomh maith le cur chun feidhme comhsheasmhach na mbeart atá ann cheana agus an gá atá le clár oibre idirinstiúideach arna chomhaontú go comhpháirteach a d'fhéadfaí a chur chun feidhme go comhpháirteach.

Ó thosaigh paindéim COVID-19, choinnigh COSI súil ghéar ar an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an tslándáil inmheánach. Díriodh leis na pléití a rinneadh faoi Uachtaránacht na Gearmáine ar uirlisí agus treoraíocht iomchuí a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí chun a áirithiú go n-úsáidfí **bealaí slána cumarsáide**. Ba é an aidhm a bhí leis sin bealach slán sábháilte a ráthú do na gníomhaithe chun comhordú a dhéanamh le linn tréimhse nuair nárbh fhéidir cruinnithe fisiceacha a dhéanamh. Cuireadh i dtreis freisin sa phlé an ról ríthábhachtach atá ag na húdaráis forfheidhmithe dlí maidir leis an gcibearchoireacht a ghleic.

Cuireadh tús le hUachtaránacht na Portaingéile an tráth céanna a cuireadh tús le feachtais vacsaínithe foriomlán COVID-19 san Aontas Eorpach. Ós amhlaidh atá, phléigh an Coiste, ina ghrúpa tacaíochta, an fhreagairt fhaisnéisbhunaithe iomchuí ar **ghníomhaíochtaí calaoiseacha a bhaineann le vacsaíní COVID-19** agus ullmhacht le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

Ina theannta sin, le linn Uachtaránacht na Slóivéine, thacaigh COSI le cur chuige comhordaithe Eorpach a chruthú chun **insíothlú coiriúil a chosc maidir le cistí aisghabhála COVID-19**.

Tá athrú as cuimse i gceist le forbairt na teicneolaíochta dár sochaí ar fud na n-earnálacha go léir. Tá sin amhlaidh freisin i gcás na gcóras ceartais choiriúil agus fhorfheidhmiú an dlí. Dá thoradh sin, is téama trasghearrtha ar chlár oibre COSI iad na dúshláin atá roimh an tslándáil inmheánach i ndomhan atá ag éirí níos cumasaithe de réir a chéile ó thaobh na teicneolaíochta agus cúrsaí digiteacha de. Ós amhlaidh atá, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh lucht Ceartais agus Gnóthaí Baile in ann cur leis an díospóireacht leanúnach ionas gur féidir leasanna ábhartha uile an phobail a chur san áireamh.

Cuid de chroílár na hoibre um fhorfheidhmiú an dlí is ea **an fhaisnéis ábhartha a choinneáil agus rochtain a fháil uirthi**, í a anailísiú agus gníomhú dá réir laistigh de chumhachtaí arna bhforordú go dlíthiúil. Tá sé ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh sé de chumas ag na córais ceartais choiriúil agus ag na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí i dtimpeallacht dhigiteach, mar a dhéanann siad cheana féin as líne, lena n-áirítear sonraí cumarsáide criptithe agus fianaise leictreonach. Is mó an gá sin mar gheall ar an leas gan teorainn a bhaintear as forbairtí teicneolaíochta sa saol coiriúil. Chuir COSI i bhfios go láidir nach mór go rachadh forbairtí ginearálta an bheartais dhigitigh chun tairbhe na hearnála CGB freisin, go dtabharfaí aghaidh ag an am céanna ar na rioscaí gaolmhara agus go n-íoslaghdófaí iad. Dá thoradh sin, tá gá le leibhéal ard comhordaithe thar réimse leathan beartas amhail an margadh inmheánach, teileachumarsáid, criptiú agus cosaint sonraí.

Tá na saincheistanna a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta amhail an chibearshlándáil, an chibearchoireacht agus an intleacht shaorga éirithe níos suntasaí, lena n-áirítear i ngeall ar ráig phaindéim COVID-19, de réir mar atá gníomhaíochtaí coiriúla tar éis teacht isteach níos mó sa saol ar líne.

Ba dhíol sásaimh do COSI gur bunaíodh **Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach** mar ardán comhpháirteach trasearnála nuálaíochta ilghníomhaireachta chun tacú le taighde agus nuálaíocht chun slándáil inmheánach an Aontais a fheabhsú agus a mhéadú. Is é ról an Mhoil feidhmiú mar ardán a thacaíonn le húdarais forfheidhmithe dlí na mBallstát chun réitigh nuálacha ar dhúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shainathint agus a bhaint amach trí uirlisí saincheaptha bunúsacha atá comhoiriúnach do chearta bunúsacha.

Ba shaintréith den fhoireann trí Uachtaránacht ina hiomláine na pléití ar an **Intleacht Shaorga (AI)**, ós rud é gur dhírigh an Coiste ar na deiseanna d'údarais forfheidhmithe dlí a eascraíonn as córais intleachta saorga a úsáid agus ar na himpleachtaí a bhaineann le huirlisí is ábhartha d'fhorfheidhmiú an dlí a aicmiú mar fheidhmchláir intleachta saorga ardriosca agus ar úsáidí áirithe a thoirmeasc (aghaidh-aithint in áiteanna poiblí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí). Chuir COSI i dtábhacht a riachtanaí atá sé go gcloisfí guth lucht CGB sa chaibidlíocht faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga atá ar siúl sa mheitheal ábhartha (Telecom) agus a thábhachtaí atá sé ceistanna slándála inmheánaí a chomhtháthú sa chreat rialála foriomlán.

Chomh maith leis sin, phléigh COSI na dúshláin agus na deiseanna d'údarais forfheidhmithe dlí a eascraíonn as **criptiú** a úsáid. Go deimhin, bhí an gá atá le cothromaíocht a aimsiú idir an ceart chun príobháideachta agus cumarsáid shlán ar líne, agus an gá atá leis na húdarais inniúla rochtain dhleathach a fháil ar shonraí chun críche imscrúdaithe choiriúil i gcroílár pléití an Choiste le linn na dtrí Uachtaránacht.

Cuireadh COSI san áireamh san obair ar Rún maidir le criptiú a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2020. Chomh maith leis an ngá atá ann an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir príobháideachas ar líne agus riachtanais forfheidhmithe dlí, ba cheart a chur i dtreis freisin nach bhfuil aon réiteach réamhchinntithe ar fáil agus nach féidir aicearraí teicneolaíochta a úsáid chun é sin a bhaint amach. Ina ionad sin, tá gá le hidirphlé réamhghníomhach leis an tionscal, ina mbeidh taighdeoirí agus an lucht acadúil rannpháirteach chomh maith, chun réitigh a shainathint, a fhorbairt agus a mheas atá inbhuanaithe ó thaobh an dlí de, atá indéanta go teicniúil agus a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcothromaíocht rithábhachtach sin a bhaint amach. Arna iarraidh sin do COSI, tá ról gníomhach ag Mol Nuálaíochta an Aontais maidir le tacú leis an obair sin.

Chuir an Coiste chun suntais freisin an ról ábhartha atá ag údaráis forfheidhmithe dlí sa **chibearshlándáil** agus sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta, agus chuir sé i bhfios go láidir gur gá an dá ghné oibre a thabhairt le chéile chun cur chuige comhtháite agus níos comhordaithe a chruthú chun cur i gcoinne bagairtí ábhartha.

Ba thosaíocht bhuan ar chlár oibre COSI é **an fhrithsceimhlitheoireacht**. I dteannta na Measúnuithe ar Bhagairt na frithsceimhlitheoireachta, tugadh aird ar leith ar fhorbairtí a bhaineann le **trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta**, lena n-áirítear trodaithe fillte, **ábhar sceimhlitheoireachta ar líne** agus **daoine a mheastar go bhfuil bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt antoisceach fhoréigneach ag baint leo – ‘Gefährder’**. D'fhorbair na Ballstáit comhthuiscint agus critéir chomhchoiteanna tháscacha chun faisnéis maidir leis na daoine sin a scrúdú. D'fhormhuinigh COSI an próiseas chun faisnéis arna fáil ó thríú tíortha iontaofa maidir le FTFanna atá faoi dhrochamhras a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS), rud a d'fhágfadh go mbeadh tuiscint níos fearr ann ar na deiseanna atá ann cheana faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin reachtaíocht náisiúnta. Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, díriodh ar na Balcáin Thiar agus tugadh aghaidh, i dteannta le COTER, ar shaincheistean a bhaineann leis an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach. Tar éis ghabháil cumhachta an Talaban, rinne COSI a mheas ar an staid san Afganastáin agus, i mí Mheán Fómhair 2021, ba dhíol sásaimh dó an **Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta maidir leis an Afganastáin** chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar carnach a d'fhéadfadh a bheith ag staid na hAfganastáine ar shlándáil inmheánach an Aontais.

Lean COSI dá ról lárnach a fheidhmiú i stiúradh **EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla)**, a ndearnadh ionstraim bhuan de don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí tar éis Chinneadh ón gComhairle i mí an Mhárta 2021. Mar a leagtar amach i dTearmaí Tagartha EMPACT, lean COSI, le cúnamh óna Ghrúpa Tacaíochta, de mheastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin, trí fhaireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mBallstát, agus ar ghníomhaithe ábhartha eile chun cur chun feidhme éifeachtúil na ngníomhaíochtaí a áirithiú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coiste a mheas ar thorthaí na **meastóireachta neamhspleáiche** a rinneadh ar thimthriall EMPACT 2018-2021 agus léirigh sé ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas na hionstraime sin.

D'oibrigh COSI chun **tosaíochtaí** nua **an Aontais maidir le coireacht** a shainathint do **thimthriall EMPACT 2022-2025 atá ar na bacáin**, ar bhonn Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe 2021. Ghlac an Chomhairle na tosaíochtaí maidir le coireacht i mí na Bealtaine 2021.

Leagadh béim ar an ngá atá le hinfheictheacht EMPACT a fheabhsú chun na torthaí láidre oibríochtúla a fuarthas sa chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí a chur chun suntais. I bhfianaise an mhéid sin, forbraíodh **Straitéis Chomhpháirteach Cumarsáide EMPACT** agus bunaíodh líonra de chumarsáidithe EMPACT chun infheictheacht EMPACT a fheabhsú san fhadtárma.

Ba dhíol sásaimh do COSI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le **Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025** mar bhealach chun borradh a chur faoi fhorfheidhmiú an dlí agus faoin gcomhar breithiúnach.

Tar éis an phlé a thosaigh sna trí Uachtaránacht a bhí ann roimhe seo, d'oibrigh foireann trí Uachtaránacht na Gearmáine-na Portaingéile- na Slóivéine chun feabhas a chur ar imscrúduithe airgeadais san Aontas. Chuir COSI in iúl go dtacaíonn sé leis an bpacáiste reachtach nua maidir le **frithsciúradh airgid agus cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta**, pacáiste a mbeidh tionchar suntasach aige ar lucht Ceartais agus Gnóthaí Baile.

Ós rud é gur chruthaigh líonraí smuigleála go raibh teacht aniar iontu in aghaidh phaindéim COVID-19 agus ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí atá ag athrú, mhol an Coiste feabhas a chur ar chosaint theorainneacha seachtracha an Aontais agus chuir sé tús leis an bplé ar an **bPlean Gníomhaíochta in aghaidh Smuigleáil Imirceach (2021 - 2025)**, a moladh le déanaí, agus ba dhíol sásaimh dó cur chuige comhordaithe idir na húdaráis Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhaireachtaí ábhartha CGB an Aontais.

Tar éis Comhshocrú Sibhialtach CBSC a ghlacadh, leanadh leis na hiarrachtaí a bhaineann le comhar agus le neartú sineirgí agus comhlántachta idir struchtúir shibhialtacha CBSC agus gníomhaithe CGB. Faoin **nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach**, dhírigh COSI agus an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) ar ghníomhaíocht chomhleanúnach an Aontais a fhorbairt agus ar bhainistiú géarchéime sibhialtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí inmheánacha/slándála seachtraí an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear trí bhailchríoch a chur ar na mionchoincheapa laistigh den Chomhshocrú Sibhialtach lena gcumhdaítear raon feidhme an chomhair sin i roinnt réimsí coireachta agus iad a chomhtháthú go héifeachtach i bpleanáil misean. Thairis sin, phléigh COSI bunú an Chompáis Straitéisigh a ghlacfar go luath.

2. ÁBHAIR CHOTHROMÁNACHA

a. Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála agus Slándáil Inmheánach agus Comhpháirtíocht Eorpach Póilíní

Phléigh COSI **Straitéis** nua **an Aontais um an Aontas Slándála**¹ a d'fhorbair an Coimisiún, lena ndírítear ar an tslándáil inmheánach laistigh den Aontas a mheas mar éiceachóras iomlán agus ar dhul i ngleic léi. Ag gabháil leis an Straitéis bhí pleananna gníomhaíochta sonracha maidir le drugaí², gáinneáil ar airm thine³ agus mí-úsáid ghnéasach leanaí⁴. I mí Mheán Fómhair 2020, léirigh COSI comhaontú ginearálta maidir leis an bpacáiste, á chur i dtreis dó tábhacht mhéadaitheach na saincheistanna a bhaineann leis an nuálaíocht agus le teicneolaíochtaí suaiteacha, an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, agus gur gá do lucht fhorfheidhmithe an dlí rochtain a fháil go dleathach ar fhaisnéis agus idir-inoibritheacht.

D'ullmhaigh COSI na Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le **Slándáil Inmheánach agus an Chomhpháirtíocht Eorpach Póilíní**⁵. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí clár agus comhordú na foirne trí Uachtaránacht (DE-PT-SI) maidir le tionscnaimh nua lena bhfeabhsaítear an tslándáil inmheánach agus a bhaineann le Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hAontas Slándála. Leagtar amach sna conclúidí na garspriocanna chun comhpháirtíocht éifeachtach Eorpach don tslándáil inmheánach a bhunú don tréimhse 2020 – 2025, chomh maith leis an mbealach chun cinn a léiriú maidir le hábhair amhail an comhar Eorpach i bhforfheidhmiú an dlí a neartú, a thábhachtaí atá sé a chur ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua, an gá atá le dul i ngleic go héifeachtach le dúshlán dhomhanda (i.e. coireacht eagraithe thrasnáisiúnta, sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac) agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú i réimse na slándála, chomh maith le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a threisiú.

¹ 10010/20
² 9945/20 ADD 1
³ 10035/20 ADD 1
⁴ 9977/20
⁵ 12862/20

b. Impleachtaí phaindéim COVID-19

Ó earrach na bliana 2020 i leith, tá **paindéim COVID-19** agus a tionchar slándála inmheánaí curtha i gcroílár chlár oibre COSI.

Tháinig athruithe ar choireacht thromchúiseach agus ar choireacht eagraithe mar thoradh ar phaindéim COVID-19, d'imir an phaindéim tionchar ar ghníomhaíochtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí freisin. Go háirithe, phléigh COSI, faoi cheannaireacht Uachtaránacht na Gearmáine, an úsáid a bhaineann LEA as **bealaí slána cumarsáide**⁶⁷, mar bhealach tábhachtach chun comhar láidir a dheonú chun tacú le slándáil inmheánach an Aontais agus chun roinnt de na srianta ar chruinnithe oibríochtúla fisiciúla a shárú. Thacaigh COSI le réiteach cumarsáide slán uile Aontais a fhorbairt, ina mbeadh ról comhordúcháin ag Europol, agus ba dhíol sásaimh dó gur bunaíodh treochlár maidir le Cumarsáid Shlán d'Fhorfheidhmiú Dhlí an Aontais A Shíneadh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Spreag an phaindéim gníomhaíochtaí coiriúla agus calaoiseacha a bhaineann le hearraí agus seirbhísí leighis. Thug Grúpa Tacaíochta COSI aghaidh ar shaincheist na **calaoise maidir le vacsaíní COVID-19**⁸ i mí an Mhárta 2021 faoi Uachtaránacht na Portaingéile. Léiríodh ag an gcruinniú gur ar scála íseal a rinneadh calaois vacsaíní, iarrachtaí calaoise dírithe ar oifigigh rialtais, cásanna inar díoladh vacsaíní bréige nó teastais bhréagacha ar an ngréasán dorcha nó goid/robáil fíor-vacsaíní. D'ainneoin nár measadh gur bagairt mhór atá ann, chuir an Coiste i dtreis gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí, feabhas a chur ar an bhfaisnéis trí mhalartú éifeachtach faisnéise idir LEA na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais chun an ullmhacht a threisiú le haghaidh freagairtí oibríochtúla láithreacha de réir mar is gá.

⁶ 10315/20
⁷ 12860/1/20 REV 1
⁸ 7236/21

Thug COSI aghaidh ar insíothlú coiriúil a chosc maidir le cistí aisghabhála COVID⁹ mar ábhar tosaíochta. Rinne an coiste a mheas ar na conclúidí ar thángthas orthu le linn an chéad chruinnithe den Fhóram *Next Generation EU* - Forfheidhmiú an Dlí, a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2021, inar cuireadh chun suntais an cosc mar uirlis chun a áirithiú go mbainfear amach a gceann scríbe agus go gcomhlíonfaidh siad a gcuipóirí. Mar ullmhúchán do dhíospóireacht de chuid na Comhairle ina leith sin, thacaigh COSI le cur chuige comhordaithe a bhunú chun calaoisí cistí aisghabhála a chomhrac agus a chosc, agus an tábhacht a bhaineann le comhar idir gníomhaireachtaí CGB agus le malartú éifeachtach faisnéise idir na gníomhaithe ábhartha uile á chur chun suntais aige.

c. Forbairtí teicneolaíochta agus an tslándáil inmheánach

Tá **forbairt na teicneolaíochta agus an digiteáil** ina ndeiseanna cinniúnacha ar fud na n-earnálacha uile. Is ionann sin do chórais cheartais choiriúil agus d'fhorfheidhmiú an dlí. Ní mór do lucht CGB a bheith in ann an díospóireacht maidir leis na saincheisteanna uile atá i gceist a thuiscint agus a stiúradh, lena n-áirítear maidir le tograí reachtacha a mbeidh éifeacht dhíreach acu ar an earnáil ach a láimhseáiltear in earnálacha eile, amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an togra maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tacaíodh leis sin trí mhalartuithe sa Chomhairle CGB agus i bhfóraim oibre ábhartha CGB. Tá ról lárnach ag próisis chomhordúcháin náisiúnta agus ba cheart a áirithiú leo go ndéanfaí breithnithe in earnáil na slándála inmheánaí a dhíriú mar is ceart chuig na comhlachtaí ullmhúcháin atá i gceannas ar an gcaibidlíocht.

⁹ 13679/21

3. AN FHRITHSCEIMHLITHEOIREACHT

Cé gur tháinig meath ar líon agus ar thionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta in 2020 agus 2021, ba thosaíocht mhór ar chlár oibre COSI an fhrithsceimhlitheoireacht i gcónaí, lena gceanglaítear cur chuige ildisciplíneach chun dul i ngleic leis an mbagairt seo ar shlándáil an Aontais. Diríodh go sonrach ar an ngéarchéim leanúnach san Afganastáin agus ar a tionchar ar shlándáil inmheánach an Aontais.

a. Freagairt, tosaíochtaí agus bealach chun cinn an Aontais

Faoin bhFoireann trí Uachtaránacht, lean COSI de thosaíocht a thabhairt don fhrithsceimhlitheoireacht, agus dul chun cinn á dhéanamh san obair a tosaíodh le linn na n-uachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo d'fhonn treoshuíomh straitéiseach a thabhairt don chomhar oibríochtúil maidir leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar leibhéal an Aontais.

D'fhorghuinigh COSI freisin **an próiseas chun meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis ó thríú tíortha maidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta (FTFanna) atá faoi dhrochamhras i gCóras Faisnéise Schengen (SIS)¹⁰, agus lena bhféadfaí an fhaisnéis sin a iontráil**, rud a cheadóidh don Uachtaránacht agus do na Ballstáit úsáid a bhaint as tacaíocht theicniúil Europol. Cuireadh tús leis an bpróiseas deonach den chéad uair sa dara leath de 2021 agus, mar thoradh air sin, iontráladh roinnt FTFanna in SIS. Tá athbhreithniú beartaithe ar an bpróiseas sa dara leath de 2022. Ar bhonn na hoibre a rinneadh sa Mheitheal um Sceimhlitheoireacht, thacaigh an Coiste le gníomhaíocht bhreise atá beartaithe chun feabhas a chur ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí i leith **daoine a mheastar go bhfuil bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt antoiseach fhoréigneach ag baint leo ‘Gefährder’¹¹**, d'fhonn gníomhaíocht chomhordaithe agus comhroinnt éifeachtach faisnéise a chothú ar an leibhéal Eorpach.

¹⁰ 13037/20

¹¹ 13035/20

b. Measúnuithe an Aontais ar bhagairt na frithsceimhlitheoireachta

De réir an nós imeachta bhunaithe¹², d'fhorghuigh COSI gach seimeastar na moltaí maidir le **Measúnú Bagartha an Aontais** i réimse na frithsceimhlitheoireachta¹³¹⁴¹⁵. Moltar sna trí Mheasúnú ar Bhagairt gur gá aghaidh a thabhairt ar an antoisceachas foréigneach agus ar an sceimhlitheoireacht de gach cineál, i bhfianaise an mhéadaithe ar an bpolarú sa tsochaí atá ag dul in olcas mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Tuairiscíodh sna Measúnuithe ar Bhagairt de chuid an Choiste Frithsceimhlitheoireachta go bhfuil méadú tagtha ar an mbagairt ó **antoisceachas** foréigneach **na heite deise** (VRWE). Meastar fós gur bagairt íseal í an bhagairt a eascraíonn as **antoisceachas foréigneach na heite clé agus ainrialaithe** (VLWAE) ach go bhfuil sí ag dul i méid. Dealraíonn sé go méadaíonn VRWE agus VLWAE igcoibhneas le héabhlóid phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí socheacnamaíocha, agus mar fhreagairt ar rialacháin rialtais chun an phaindéim a shrianadh.

c. Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais maidir leis an Afganastáin

Tar éis ghabháil cumhachta an Talaban san Afganastáin, thionóil Uachtaránacht na Slóivéine cruinniú urghnách na Comhairle d'Airí Gnóthaí Baile an Aontais an 31 Lúnasa 2021 chun plé a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach sa tír agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcosaint idirnáisiúnta, ar an imirce agus ar an tslándáil. I ngeall ar an dúshlán a eascraíonn as an ngéarchéim san Afganastáin, tá gá le comhordú níos láidre idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach.

¹² 13414/1/17 REV 1

¹³ 12866/20

¹⁴ 8372/21

¹⁵ 13682/21

Le linn chruinniú COSI-PSC i mí Mheán Fómhair 2021, thug na toscaireachtaí dá n-aire an staid dhaonnúil agus eacnamaíoch chriticiúil sa tír ó Thoscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh don Afganastáin. Ar an ócáid chéanna, thíolaic Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh an **Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta maidir leis an Afganastáin¹⁶** a forbraíodh i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin, SEGS, Uachtaránacht na Slóivéine agus gníomhaireachtaí ábhartha CGB de chuid an Aontais. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta 23 mholadh le haghaidh gníomhaíochta, agus iad roinnte i gceithre réimse: 1) seiceálacha slándála – insíothlú a chosc; 2) faisnéis/fadbhreathnaitheacht straitéiseach: cosc a chur ar an Afganastáin a bheith ina limistéar sábháilte do ghrúpaí sceimhlitheoireachta; 3) bolscaireacht agus slógadh a fhaireachán agus a chomhrac; 4) dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe mar riosca maoinithe sceimhlitheoireachta. Ba dhíol sásaimh do COSI agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála an Plean Gníomhaíochta mar bhunús cuimsitheach don ghníomhaíocht a dhéanfar amach anseo, agus chuir na toscaireachtaí i dtreis a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil le gníomhaithe idirnáisiúnta, le tíortha sa réigiún, agus le gníomhaireachtaí CGB de chuid an Aontais chun feabhas a chur ar chásanna faisnéise agus slándála.

Mar cheann de cholúin an Phlean Gníomhaíochta, d'fhormhuinigh toscaireachtaí COSI an prótacal lena leagtar síos **an nós imeachta le haghaidh seiceálacha slándála feabhsaithe ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais nó a thrasnaigh iad tar éis an méid a thit amach san Afganastáin¹⁷**.

¹⁶ 12315/21

¹⁷ 13683/21

4. EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla)

Téann an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) i ngleic leis na bagairtí is tábhachtaí a bhaineann leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a bhfuil tionchar aici ar an Aontas Eorpach. Le EMPACT, neartaítear faisnéis, comhar straitéiseach agus oibríochtúil i measc údaráis náisiúnta, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Feidhmíonn EMPACT i dtimthriallta ceithre bliana, ag díriú ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an gcoireacht.

Tá trí phríomhghné ag EMPACT. Tá sé bunaithe ar fhaisnéis agus déantar anailís ar na sonraí a bhailítear chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar bhagairtí a bhaineann le coireacht, rud a chuirfidh ar chumas lucht déanta cinntí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos fearr agus straitéisí agus oibríochtaí spriocdhírithe a fhorbairt i gcoinne na coireachta. Tá EMPACT **ildisciplíneach**, ní hamháin na póilíní atá bainteach leis ach custaim, gardaí teorann agus údaráis ábhartha eile freisin, lena n-áirítear, mar shampla, an earnáil phríobháideach a d'fhéadfadh a bheith an-tábhachtach chun cur i gcoinne coireanna áirithe (an chibearchoireacht, cuir i gcás). Is í an tríú gné go gcuirtear EMPACT chun feidhme trí **chur chuige lárnach**. Áirítear le EMPACT gníomhaíochtaí oibríochtúla agus straitéiseacha agus ní hamháin go ndíríonn sé ar bhearta diansmachta ach glacann sé cur chuige coisctheach freisin. Ar an iomlán, is cur chuige réamhghníomhach é chun an choireacht a chomhrac agus cuireann an modh sin ar chumas EMPACT, le cúnamh agus treoir straitéiseach ó COSI agus treoir theicniúil ó COSI SG, cuspóirí straitéiseacha a aistriú ina ngníomhaíochtaí nithiúla oibríochtúla. Tréimhse an-tábhachtach do EMPACT a bhí sa tréimhse ó mhí Iúil 2020 go dtí mí na Nollag 2021 agus bhí go leor forbairtí iarmhartacha ar bhain dianobair ón bhfoireann trí Uachtaránacht leo agus a baineadh amach in ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID-19.

I dtreo dheireadh gach timthrialla EMPACT, is féidir **meastóireacht neamhspleách** a dhéanamh mar ionchur don chéad timthriall eile ina scaipfear na torthaí ar thoscáirí COSI.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, léiríodh sa mheastóireacht neamhspleách do 2018-2021¹⁸ go bhfuil **EMPACT ábhartha, éifeachtach, éifeachtúil, comhleanúnach agus go léirítear leis breisluach an Aontais Eorpaigh**. Mar sin féin, leagadh amach sa staidéar meastóireachta **21 mholadh** a bhaineann le roinnt saincheisteanna sainaitheanta. De bhun dianphlé a rinneadh ag cruinniú COSI SG, dhréachtaigh Uachtaránacht na Gearmáine treochlár ina leagtar amach an bealach chun cinn, lena n-aithnítear na príomhghníomhaithe agus an amlíne atá beartaithe i ndáil leis na moltaí a chur chun feidhme¹⁹.

¹⁸ 11992/20 + ADD 1

¹⁹ 13686/2/20 REV 2

Ba é príomhchuspóir Uachtaránacht na Portaingéile le haghaidh EMPACT ullmhú do **thimthriall EMPACT 2022-2025**. Is éard a bhí i gceist na **Conclúidí ón gComhairle maidir le buanleanúint le timthriall beartais an Aontais le haghaidh coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach: EMPACT 2022**²⁰ a ghlac an Chomhairle CGB i mí an Mhárta 2021. Ar na príomhathruithe a rinneadh sa timthriall roimhe sin bhí bunú EMPACT mar phríomhionstraim **bhuan**.

Thug COSI dá aire **Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (EU SOCTA) 2021**²¹ a d'ullmhaigh Europol agus ina leagtar amach forbairtí reatha agus réamh-mheasta na coireachta tromchúisí eagraithe. Chuir EU SOCTA agus an Doiciméad Beartais Comhairleach ²² (a dhréachtaigh an Uachtaránacht agus an Coimisiún) leis na **conclúidí ón gComhairle lena leagtar síos tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht do thimthriall EMPACT 2022-2025**²³ a ghlac an Chomhairle i mí na Bealtaine. Leagtar amach sna conclúidí 10 dtosaíocht de chuid an Aontais maidir le coireacht le cur chun feidhme trí 15 phlean gníomhaíochta oibríochta.

Rinne Uachtaránacht na Slóivéine obair leantach maidir le tuilleadh sonraí teicniúla a d'eascair as na conclúidí ón gComhairle mar ullmhúchán do thimthriall EMPACT 2022-2025. Dá bhrí sin, ainmníodh tiománaithe agus comhthiománaithe do na pleananna gníomhaíochta oibríochta. Ina theannta sin, glacadh na **pleananna gníomhaíochta oibríochta do 2022** agus rinneadh athbhreithniú orthu²⁴.

Ba théama lárnach sa tréimhse tuairiscithe í **cumarsáid EMPACT**. Forbraíodh comhstraitéis cumarsáide EMPACT²⁵ agus bunaíodh Líonra de chumarsáidithe EMPACT.

